## Cine4 (Babhta 3)

## Scéim Forbartha do scannáin fhada drámaíochta I nGaeilge.

## Glaoch ar iarratas.

**Spriocdháta: 3ú Meán Fómhair, 2018**

Tá an scéim seo bunaithe ag TG4, Bord Scannán na hÉireann (BSÉ) agus Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) chun tacaíocht a thabhairt do shaothar nua bhríomhar fadscannán as Gaeilge, léirithe ag comhlachtaí le ard-scileanna cruthaitheacha.
Tá mar aidhm ag Scéim *Cine4* scéalaíocht láidir, samhlaíocht fhísiúil agus luachanna arda léirithe a spreagadh. Caithfear a léiriú san iarratas gur scannán é a bheadh tarraingteach don lucht féachana Gaeilge, lucht féachana Éireannach agus lucht féachana idirnáisiúnta. Beidh buiséad de suas le €1.2 milliún ag na tionscnaimh a léireofar agus beidh 'tréimhse phictiúrlanna' ag na scannáin a léirítear faoin scéim tréimhse ina mbeidh siad páirteach i bhféilte scannán agus ar taispeáint i bpictiúrlanna sula gcraolfar ar TG4 iad.

Tá trí chéim sa scéim (i) iarratas tosaigh (ii) an chéim fhorbartha agus (iii) an chéim léiriúcháin. Tar éis iarratais a fháil, roghnóidh painéal de mheasúnóirí ó TG4, BSÉ agus BAI <u>chúig</u> thionscnamh (ar a mhéid). Tabharfar maoiniú do na comhlachtaí a roghnaítear na tionscnaimh a fhorbairt agus buiséad suas le €25,000 (cómhaoinithe ag TG4, BSÉ agus BAI) ar fáil do gach tionscnamh. Ag deireadh na forbartha, roghnóidh TG4 agus BSÉ suas le <u>dhá cheann</u> de na tionscnaimh agus cuirfear ar aghaidh iad chuig an chéad bhabhta cuí eile den chiste *Fís agus Fuaim* de chuid an BAI, agus an aidhm iad a léiriú mar scannáin fhada.

Reáchtálfar Scéim Forbartha *Cine4* ar bhunús trialach i 2017-18 agus tá sé mar aidhm againn an scéim a reáchtáil ar bhunús bliantúil, rud a chiallódh go léireofaí dhá scannán i nGaeilge gach bliain sna ceithre bhliana atá romhainn.

**Cé atá i dteideal cur isteach ar an scéim?**

Tá an scéim oscailte do chomhlachtaí clos-amhairc leis an taithí chuí agus atá in ann a chruthú go bhfuil cearta soiléire acu ar gach cuid den ábhar atáthar a fhorbairt do léiriú don scáileán mór.

Tabharfar tosaíocht do chomhlachtaí léirithe

- a bhfuil polasaí soiléir acu an Ghaeilge a fhorbairt mar theanga oibre léiriúcháin,
- a bhfuil sé mar aidhm thábhachtach acu cothromaíocht inscne a bhaint amach sa bhfoireann chruthaitheach a roghnaíonn siad agus
- do chomhlachtaí a bhfuil cultúr iontu i bhfabhar comhléirithe agus idirnáisiúnaithe.

**Na critéir cháilitheachta**

- Is scéim é seo do scannáin fhada drámaíochta (90 go 120 nóiméad). Níl scannáin beochana inghlactha.
- Príomh charachtair baineann.
- Ní ceadmhach don léiritheoir a bheith freisin mar stiúrthóir ar an tionscnamh.
- Níl aon srian ar ghenre, ar stíl scéalaíochta, ar ábhar nó ar eilimintí eile sa script/scéal ach caithfidh na tionscnaimh teacht le téamaí na scéime *Fuaim agus Fís* de chuid an BAI chun maoiniú léiriúcháin a thuilleamh.
- Ní ghlacfar le tionscnaimh a fuair maoiniú forbartha roimhe seo ó TG4, BSÉ nó ó aon áisíneacht eile.
- Níl Scéim *Cine4* oscailte do mhic léinn lánaimseartha nó páirtaimseartha.
- Níor cheart do na buiséid léiriúcháin do gach tionscnamh dul thar €1,200,000 agus tiocfaidh an maoiniú ó TG4, BSÉ, BAI (má éiríonn leis na h-iarratais tacaíocht a fháil ón scéim *Fuaim agus Físe*) agus ó scéim Alt 481. Níor cheart aon mhaoiniú breise tríú páirtí a lorg.

**Cén chaoi le hiarratas a dhéanamh**

- An sprioc-am le haghaidh iarratais ná **Dé Luain 3ú Meán Fómhar 2018 ag 3pm**. *Ní ghlacfar le hiarratais atá mall nó easnamhach agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais.*
- Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach, i nGaeilge via córas leictreonach coimisiúnaithe TG4. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin http://update.tg4.ie/ecomm/login.php , agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Cine4 – Forbairt 2018', ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch.
- Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Anna Marie Nic Dhonnacha - annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie

**Riachtanais an Iarratais**

- Ceannlíne (suas le 25 focal) agus Achoimre Ghairid (suas le leath-leathanach A4)
- Achoimre/Imlíne (uasmhéid 6-10 leathanach)
- Nótaí an Stiúrthóra faoin tionscnamh (uasmhéid leathanach amháin)
- Nótaí cruthaitheacha an Léiritheora faoin tionscnamh (uasmhéid 1 leathanach)
- Sonraí maidir leis an gcroí-fhoireann chruthaitheach - léiritheoir, scríbhneoir, stiúrthóir (uasmhéid 1 leathanach, uile le cheile)
- Buiséad don fhorbairt (uasmhéid1 leathanach)
- Fianaise go bhfuil úinéireacht ar chearta.

*Ba cheart na míreanna seo uile a chur le chéile mar cháipéis shoiléir pdf amháin agus é a uaslódáil chuig córas coimisiúnaithe TG4 mar atá mínithe thuas.*

**Tuilleadh eolais**

Beidh feidhmeannaigh de chuid TG4 ar fáil roimh an spriocdháta do chruinnithe gairide. Le cruinniú a shocrú, nó má ta aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den scéim seo, cuir r-phost chuig Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghas, ná le h-aon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Glanta Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*Acht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar an eolas íogaireacht (más ann) agus a rá cén chúis gur eolas íogaireacht é. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogaireacht é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*